Tá folúntais in Aran Biomedical ar an Spidéal i gCo. na Gaillimhe faoi láthair.

Tá siad ag lorg:

Cigire Rialaithe Cáilíochta

I measc na bhfreagrachtaí beidh:

- Cigireacht ar amhábhar – athbhreithniú, ceadú, doiciméadú,
- Orduithe oibre agus taifid - athbhreithniú, ceadú, doiciméadú,
- Monatóireacht timpeallachta,
- Rannpháirteach i ngníomhaíochta iniúchta.

I measc na riachtanas beidh:

- Taithí in earnáil rialaithe GMP,
- Taithí oibre roimhe seo i rialú cáilíochta,
- Teastas leibhéil ar a laghad san Eolaíocht, Innealtóireacht nó Bainistíocht Cáilíochta.

Innealtóir Cáilíochta

I measc na bhfreagrachtaí beidh:

- Forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar cháipéisí le riachtanais an FDA, ISO, MDD
- Rannpháirtíocht ghníomhach sa bpróiseas maidir le rialú cáipéisí
- Tacú leis an bpróiseas monatóireachta timpeallachta.

I measc na riachtanas beidh:

- Céim in innealtóireacht déantúsaíochta, innealtóireacht cáilíochta, eolaíochtaí beatha.
- Taithí ag obair mar Innealtóir Cáilíochta in earnáil na bhfeisteas leighis.
- Scileanna iontacha cumarsáide agus a bheith in ann oibriú mar chuid d’fhoireann.

Maoirseoir Táirgthe

I measc na bhfreagrachtaí beidh:

- Maoirseacht dhíreach ar an bhfoireann déantúsaíochta,
- Cinntiú go bhfuil na spriocanna táirgthe á mbainistiú,
- Tacú le hearcaíocht agus traenáil forbróir táirge.

I measc na riachtanas beidh:

- Taithí rathúil léirithe i maoirseacht táirgthe.
- Céim bhaitsiléara in innealtóireacht déantúsaíochta, innealtóireacht cáilíochta nó i réimse ábhartha.
- Duine féinspreagtha agus a bhfuil an-bhéim acu ar spriocanna táirgthe a bhaint amach.